# Tráth na gCeist Boird – Tobac
(gan freagraí)




| | |
|---|---|
| 1. | Cé mhéad ceimiceán atá i ndeatach tobac?<br>**A) 200 B) 7,000 C) 40,000** |
| 2. | Cé mhéad de na ceimiceáin seo is eol is cúis le hailse?<br>**A) 69 B) 35 C) Ceann ar bith** |
| 3. | Ar an meán, cé mhéad nóiméad a bhaineann toitín de shaol an chaiteora tobac?<br>**A) 30 nóiméad B) 11 nóiméad C) Nóiméad ar bith** |
| 4. | Cad is cúis leis an líon is mó básanna in Éirinn gach bliain? *(Rang in ord 1-3, agus ceann amháin ina chúis le formhór na mbásanna)*<br>**A) Básanna a bhaineann le halcól B) Timpistí bóthair C) Tobac** |
| 5. | Déan na substaintí seo a rangú in ord cé chomh tapa agus a shroicheann siad an inchinn? *(1 an ceann is tapúla, 3 an ceann is moille)*<br>**A) Alcól B) Caiféin C) Nicitín** |
| 6. | Cad é an bealach is fearr do dhaoine a chaitheann tobac dochar a dhéanamh do dhaoine eile le toit thánaisteach? *(Roghnaigh ceann amháin nó níos mó)*<br>**A) Caith tobac i seomra eile B) Caith tobac amuigh faoin aer C) Éirí as caitheamh tobac** |
| 7. | Is féidir le toit thánaisteach an baol a bhaineann le ... a mhéadú: *(Roghnaigh ceann amháin nó níos mó)*<br>**A) Asma agus broincíteas B) Ailse C) Galar croí D) Ionfhabhtú cluaise láir** |
| 8. | Cad a tharlaíonn do scamhóga daoine nuair a chaitheann siad?<br>**A) Tagann dath dubh ar fhíochán na scamhóg (a bhíonn bándearg agus é sláintiúil)**<br>**B) Feidhmíonn a scamhóga níos fearr agus iad ag imirt spóirt C) Éiríonn sé níos éasca análú** |
| 9. | Cad a tharlaíonn do chorp an duine nuair a chaitheann siad? *(Roghnaigh ceann amháin nó níos mó)*<br>**A) Éiríonn a gcuid fiacla níos báine B) Éiríonn a gcraiceann rocach ag aois níos óige**<br>**C) Tá a n-anáil agus a ndrandail níos sláintiúla** |
| 10. | Méadaíonn mná a chaitheann tobac le linn toirchis an baol a bhaineann le: (Roghnaigh ceann amháin nó níos mó)<br>**A) Marbh-bhreith B) Bás Cliabháin C) Éalang (locht) ó bhroinn** |
| 11. | An fíor nó bréagach na nithe seo i gcás daoine óga a chaitheann i gcomparáid leo siúd nach gcaitheann?<br>**a. Titeann siad ina gcodladh níos éasca** ☐ **Fíor** ☐ **Bréagach**<br>**b. Mothaíonn siad neirbhíseach nó in ísle brí** ☐ **Fíor** ☐ **Bréagach**<br>**c. Bíonn goile maith acu** ☐ **Fíor** ☐ **Bréagach**<br>**d. Bíonn meadhrán iontu nó bíonn tinneas cinn orthu** ☐ **Fíor** ☐ **Bréagach** |
| 12. | Cé acu díobh seo a bhíonn ar dhuine atá ag iarraidh éirí as an vápáil? *(Roghnaigh ceann amháin nó níos mó)*<br>**A) Deacrachtaí codlata B) Tart iomarcach C) Deacracht díriú ar rudaí** |